# CINNEADH (CBES) 2023/191 ÓN gCOMHAIRLE

## an 27 Eanáir 2023

## lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) I Rún ES-11/1 uaidh, a glacadh an 2 Márta 2022, chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in iúl gur saoth leis go tréan an fogha arna thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin de shárú ar Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe. I Rún ES-11/4uaidh, a glacadh an 12 Deireadh Fómhair 2022, cháin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, á thabhairt dá aire dó an ráiteas ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe an 29 Meán Fómhair 2022 inar meabhraíodh dó gur sárú ar Phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta é aon ionghabháil a dhéanann Stát ar chríoch Stáit eile mar thoradh ar fhorneart a bhagairt nó a úsáid, Cónaidhm na Rúise as reifrinn, mar a ghairtear dóibh, neamhdhleathacha a eagrú i réigiúin laistigh de theorainneacha na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta agus as an iarracht ar ionghabháil neamhdhleathach réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia na hÚcráine, tar éis na reifrinn sin, mar a ghairtear dóibh, a eagrú. Ina hordú ceangailteach an 16 Márta 2022 lena léirítear bearta sealadacha, d'ordaigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta do Chónaidhm na Rúise na hoibríochtaí míleata a thosaigh sí ar chríoch na hÚcráine a chur ar fionraí láithreach.

(3) A fhad agus a leantar de shárú a dhéanamh ar an toirmeasc ar úsáid fornirt, ar riail dhomhaolaithe den dlí idirnáisiúnta é, trí ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm agus bearta breise a dhéanamh, más gá. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/512/CBES a athnuachan go ceann 6 mhí eile.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gCinneadh 2014/512/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(1):

"1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Iúil 2023.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. ROSWALL